# DUILLEOG

Nuachtlitir Chomharchumann Forbartha Ghaoth Dobhair

Uimhir 42 Earrach 2017




## Ceoltóirí Óga na Crannóige ar an ardán ag ath oscailt Amharclann Ghaoth Dobhair



# Féile Scoil Drámaíochta 2017



Scoláirí rang drámaíochta na Crannóige -
An dráma 'Gabhla agus an tAsgard' atá fríd chuig Féile Scoil drámaíochta Naisiúnta agus a bhain an Script Nua is Fearr ag Féile Uladh. A bhuíochas sin d'Eoghan Mac Giolla Bhríghde, Suzanne Uí Ghallchóir agus Áine Ní Bhreisleáin. Tá siad fríd anois chuig an Fhéile Naisiúnta Scoil Dramaíochta.

# Scléip Gael Linn 2017 - comórtas tallainne



Bhain scoláirí Phobalscoil Ghaoth Dobhair Craobh na hÉireann ins an chomórtas do Sceitse Nuachumtha {Sóisear} le sceitse dar teideal "Fiche Bliain de TG4" scríofa ag Suzanne Uí Ghallchóir agus Áine Ní Bhreisleáin.

## Oireachtas na Samhna 2016

Brídanna Ní Bhaoill & Clíona Ní Ghallchóir ag rá Cnaipí 's Damhsa scríofa ag Manus Ó Duibhir.
Tig an t-agallamh beirte seo a fheiceáil fríd an nasc seo @47 nóim -

http://www.tg4.ie/en/player/home/?pid=5195598839001



# An Béal Binn



Rang 2 agus 3, Eva Nic Fhionnghaile, Eimear Ní Dhugáin, Manus Ó Briain, Áine Ní Fhearraigh agus Mary Anne Nic a'Bhaird



Naíonraí – Dolores Nic Geidigh agus Dónal Mac Ruairí ag bronnadh corn Shéamuis Mhic Géidigh. Buaiteoir Ciara Nic Pháidín, Bun a'Leaca



Hana Nic Pháidín, An Bun Beag buaiteoir an Bhéil Bhinn. Manus Ó Briain buaiteoir an dán nua chumtha is fearr



Rang 1 agus 2 - Sarah Nic Giolla Chomhaill Corn Raidió na Gaeltachta, Hannah Ní Fhríl, Aoibhinn Nic Diarmada, Emma Nic Cumhaill, Lúsaí Nic Giolla Easpuic. Máire Mhic Niallais a bhronn na duaiseanna



Naíonraí - Corn Bhríd Mhic Giolla Bhríde do Róise Nic Giolla Easbuig, le Éamonn agus Nollaig Mhic Giolla Bhríde.



Teastas soiseartha buaiteoirí; Danny Ó Duibhir agus Joseph Mac Suibhne le Eoghan Mac Giolla Bhríde



Iomaitheoirí as taobh amuigh den Ghaeltacht, 1ú – James Ó Murchú, 2ú – Annie Rose Ní Ghormáin, 3ú – Niamh Ní Bhrogáin

Cuireadh 3 chorn úr ar fáil don chomórtas i mbliana, 1 Corn Bhríd Mhic Giolla Bhríde curtha ar fáil ag Glór na nGael Gaoth Dobhair, 2 Corn Shéamuis Mhic Géidigh ó Raidió na Gaeltachta, 3 Corn Thomáis Mac Giolla Bhríghde ó Comharchumann Forbartha Ghaoth Dobhair

# Tasipéantas Sheachtain na Gaeilge ó Scoil Cheoil na Crannóige

## San Acadamh




An Consairtín



An Fhidil



Grúpa rogha úirlisí




An Mandilín



Na Fídeoga




An Giotár






**An tAire Joe Mc Hugh ag caint ag an Fhoscailt**



Bhí Cór thaobh a' Leithid le Doimnic Mac Giolla Bhríde & Glórthaí Uladh ag ceol ar chlár BBC2 Lá Fhéile Pádraig.

# Lá Fhéil Pádraig









Banna Ceoil Óige na Crannóige ag na Tithe Pobail Lá Fhéile Pádraig - Dún Lúiche, Cnoc Fola agus Doirí Beaga.







Bhronn Emma Mhic Aoidh as Comharchumann Forbartha Ghaoth Dobhair, seic €500 ar Chaitlín Uí Dhúgáin ar son Naíolann Ghaoth Dobhair. Tá siad leis an airgead a chaitheamh ar sheomra na gcéadfaí. Bronnadh €800 ar Eibhlín Uí Churráin agus Pat Ó Seibhlinn ar son Ionad Lae Ghaoth Dhobhair. Seo an t-airgead a tógadh ag siamsaí na Nollag sa Chrannóg.

# Na hEalaíona Béil

Tá clár ealaíne a fhorbairt ag Scoil Cheoil na Crannóige le borradh a chur faoi na healaíona béil i nGaoth Dobhair (Lúibíní, agallaimh beirte, sceitsí, scéaltaí agus drámaí); na traidisiún a sheachadadh go dtí an ghlúin óg agus lucht féachana a fhorbairt do na healaíona sin.

An sprioc go sealbhóidh páistí agus déagóirí an traidisiún saibhir de lúibíní, agallaimh beirte, sceitsí, scéaltaí agus drámaí agus go gcuirfidh siad leis an traidisiún sin. Is mian linn ceiliúradh a dhéanamh ar na healaíona Gaeltachta/Gaelach uathúil seo, cur le líon na rannpháirtithe a chleachtann iad, agus déanamh cinnte go mbeidh siad mar chuid lárnach de shaol an phobail agus mar chuid de shaibhreas cultúrtha an cheantair (Tá Gaoth Dobhair mar cheann de na ceantair is láidre ó thaobh saibhreas na n-ealaíon dúchasach/traidisiúnta).

Tuigeann muid an tábhacht a bhaineann le na healaíne bhéil, le saibhriú cultúrtha agus cur chun cinn na Gaeilge i measc an ghlúin óg. Chomh maith leis na scileanna scríbhneoireachta, stáite, geáitsíochta agus aisteoireachta a fhoghlaimeoidh na páistí, beidh siad ábalta Gaeilge fhileata, dhrámata, shaibhir a úsáid.

Is Suzanne Uí Ghallchóir, Áine Ní Bhreisleáin, Máire Dinny Wren, Eoghan Mac Giolla Bhrighde agus Manus Ó Duibhir a scríobh na míreanna.

Tá meon an shimplí ag CFGD maidir leis an togra. Is é sin, meas, cleachtadh agus saibhreas sa teanga a chothú san aos óg tríd deis a thabhairt daofa an traidisiún a fhoghlaim i gcóras leanúnach- atá tarraingteach, spreagúil agus spraíúil!

Bhí Lúibíní go leor ar an ardán ag Gael Factóir faoi Club Óige na Crannóige le Club Óige Chnoc Fola. Bhain Fodhla Ní Bhriain agus Róise Ní Ghallchóir an chéad áit sa rannóg Bun scoile le lúibín úr 'Bolg ar mo dhroim' a scríobh Suzanne Uí Ghallchóir agus Áine Ní Bhreisleáin.





Comórtas Gael Facthóir Óige na Gaeltachta 2017 Thír Chonaill
Chuaigh grúpa na Crannóige fríd go craobh na hÉireann i gCorcaigh 11/3/'17.
Fuair siad an 2ú áit.

# Comórtas Scór




**Scór na nÓg**

Rang dramaíocht na Crannóige a rinne ionadaíocht do C.L.G Ghaoth Dobhair i mbabhta leath cheannais Uladh, leis an sceitse DL LGF 17. Fuair siad fríd go dtí babhta ceannais Uladh i nGalbhaile, Co. Thír Eoghan



Scór Sinsear 2017 CLG Ghaoth Dobhair, le sceitse a scríobh Eoghan Mac Giolla Bhrighde 'An Sceitse nár Scríobhadh' a fuair 1ú áit i gcraobh leathcheannais Uladh, ar an Charraig Mhór, Co Thír Eoghan.




## An Cháisc



Solas geal Dé chugat an Cháisc seo




Tá muid ar twitter anois @anchrannog. Déan cairdeas linn!